Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15807/25**

**LIMITE**

**POLMAR 74**
**POLGEN 207**
**COMAR 47**
**ENV 1263**
**ENER 615**
**MAR 165**
**PECHE 411**
**RELEX 1541**
**SUSTDEV 90**
**TRANS 578**
**RECH 514**
**PROCIV 162**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan<br>– Formheas |

1. An 5 Meitheamh 2025, thíolaic an Coimisiún an teachtaireacht uaidh faoin 'Comhshocrú Eorpach um an Aigéan' (9876/25). Tar éis an chéad seisiúin tuairimíochta an 11 Iúil 2025 sa Mheitheal um Shaincheisteanna Muirí – Beartas Muirí Comhtháite, an 17 Iúil 2025 d'ullmhaigh an Uachtaránacht tacar dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan.

2. Rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta Muirí – Beartas Muirí Comhtháite na dréachtchonclúidí a scrúdú an 24 Iúil, an 19 Meán Fómhair, an 16 Deireadh Fómhair agus an 14 Samhain 2025.

3. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs ar leibhéal na meithle.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú i ndáil le téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú um an Aigéan, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, a dhearbhú; agus
- a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

PUBLIC

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI:

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis na hAigéin agus na Farraigí, an 19 Samhain 2019

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach, an 23 Deireadh Fómhair 2020

– na conclúidí ón gComhairle maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe: sláinte, eolas, rathúnas, cothromas sóisialta, an 26 Bealtaine 2021

– na conclúidí ón gComhairle maidir le treoirlínte straitéiseacha nua an Aontais don dobharshaothrú, an 18 Iúil 2022

– na Conclúidí ón gComhairle maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan maidir le haigéin agus farraigí atá sábháilte, slán, glan agus sláintiúil agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu, an 13 Nollaig 2022

– na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Athbhreithnithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi, an 24 Deireadh Fómhair 2023

– na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025

– na conclúidí ón gComhairle maidir le COP30, an 21 Deireadh Fómhair 2025

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce, an 21 Deireadh Fómhair 2025

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéin an 5 Meitheamh 2025, agus an cur i láthair a rinne an Coimisiún ina leith ag an Tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, lena ndéantar iarracht ról ceannasach an Aontais agus a Bhallstát i rialachas na n- aigéan a chur chun cinn, mar thionscnamh straitéiseach uileghabhálach chun rialachas aigéan an Aontais a neartú agus chun sláinte, inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach na n-uiscí muirí atá faoi cheannasacht agus faoi dhlínse na mBallstát a áirithiú, ar tionscnamh é a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS); agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá creat comhleanúnach comhtháite de chuid an Aontais le haghaidh beartais aigéin lena mbaintear amach spriocanna comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha, nach n-áirítear leis rialáil chasta nach bhfuil gá léi a chuireann bac ar nuálaíochtaí agus féidearthachtaí chun oiriúnú do dhálaí athraitheacha, comhleanúnachas agus comhordú éifeachtach idir na beartais agus na creataí dlíthiúla atá ann cheana, agus lena gcothaítear comhar idir na Ballstáit agus na réigiúin; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go bhfeidhmeodh an Comhshocrú Aigéin mar chreat straitéiseach agus treorach, ar cheart dá chur chun feidhme inniúlachtaí agus comhthéacsanna náisiúnta na mBallstát a urramú;

PUBLIC

## I. CREAT RIALACHAIS NEARTAITHE

PUBLIC

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún 'Gníomh Aigéin' a mholadh, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ ról lárnach na Pleanála Spásúla Muirí (MSP) mar an phríomhionstraim straitéiseach chun gníomhaíochtaí éagsúla muirí a chomhtháthú agus a chomhordú le cosaint agus caomhnú an chomhshaoil, lena gcuirtear cur chuige bunaithe ar éiceachórais i bhfeidhm, agus a fheidhmíonn mar uirlis chun cuspóirí an Chomhshocraithe Aigéin a chomhtháthú agus a oibríochtú; IARRANN SÍ go mbeadh comhar treisithe trasteorann, comhar maidir le farraigí réigiúnacha ann, go háirithe trí Choinbhinsiúin Réigiúnacha Farraige agus straitéisí imchuach farraige, lena neartófar comhordú agus comhar trasearnála ar an leibhéal náisiúnta agus aird ar leith á tabhairt ar Mhuir Bhailt, ar an Muir Thuaidh, ar an Meánmhuir, ar an Muir Dhubh, ar an Atlantach agus ar an Artach, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le comhar in imchuacha farraige eile freisin i gcás inarb iomchuí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcoinníonn na Ballstáit freagracht agus inniúlacht maidir le pleanáil spásúil laistigh dá n-uiscí mara, agus gur cheart coimhdeacht a urramú go hiomlán; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí airgeadais an Aontais atá ann cheana chun tacú leis an gcomhar réigiúnach maidir le cur chun feidhme na pleanála spásúla muirí; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithniú a mholadh ar an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí agus ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag na hathbhreithnithe sin feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ar shimpliú, go háirithe trí thimthriallta na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí a chuíchóiriú chun cur chun feidhme comhordaithe ag na Ballstáit a éascú, agus coimhdeacht agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú go hiomlán ag an am céanna;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an creat rialachais a neartú tríd an gComhshocrú Aigéin, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhtháthú, comhordú agus ailíniú níos fearr na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí , na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí, an Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra, na Treorach maidir le Gnáthóga[1] agus na Treorach maidir le hÉin[2], agus an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), chomh maith le beartais mhuirí agus mhara ábhartha eile de chuid an Aontais, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe UNCLOS; CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart brúnna talamhbhunaithe a chur san áireamh sa chomhtháthú sin freisin, agus a thábhachtaí atá sé cur chuige ó fhoinse go muir a chur i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha na Treorach Réime maidir le hUisce; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart di gnéithe ábhartha cósta agus athléimneachta a mheas a thuilleadh, chomh maith le comhleanúnachas le hionstraimí idirnáisiúnta eile, agus ba cheart staid shonrach na Réigiún is Forimeallaí san Aontas a léiriú leis freisin; CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá ualaí riaracháin agus castacht do na Ballstáit, do shaoránaigh agus do chuideachtaí a laghdú, agus dúbláil na gceanglas tuairiscithe a sheachaint;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gnéithe a bhaineann le Comhshocrú Eorpach um an Aigéan sa togra ón gCoimisiún maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais ilbhliantúil eile; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá sé tacaíocht leordhóthanach a áirithiú chun an Comhshocrú um an Aigéan a chur chun feidhme trí úsáid éifeachtach na n-ionstraimí airgeadais agus trí infheistíocht phríobháideach a shlógadh;

1 92/43/CEE
2 2009/147/CE



PUBLIC

## II. CUR CHUIGE COMHTHÁITE MAIDIR LE SLÁINTE AGUS INBHUANAITHEACHT NA N-AIGÉAN

5. Cúis mhór imní di I gCÓNAÍ an éigeandáil dhomhanda atá ann i gcás an aigéin; CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart cosaint agus athbhunú shláinte na n-aigéan, arb é is bonn le haon úsáid a bhaint as a chuid acmhainní, a bheith ar cheann de na príomhiarrachtaí a dhéanfar amach anseo faoin gComhshocrú um an Aigéan; LEAGANN SÍ BÉIM ar na bagairtí méadaitheacha atá ann don chomhshaol muirí idir truailliú, róshaothrú acmhainní, tionchair ghníomhaíochtaí an duine inár bhfarraigí, agus athrú aeráide, rud a chuireann i mbaol slite beatha, oidhreacht chultúrtha agus folláine eacnamaíoch na bpobal cósta, bithéagsúlacht agus ról lárnach na n-éiceachóras muirí chun an sprioc teochta 1.5 °C a bhaint amach;

PUBLIC

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cur chuige iomlánaíoch maidir le rialachas na n-aigéan chun an t-aigéan agus a éiceachórais, a fharraigí agus a acmhainní muirí a chosaint, a chaomhnú, a athbhunú agus a úsáid go hinbhuanaithe agus chun gníomhú go cinntitheach agus go práinneach, gníomhaíocht a uas-scálú chun dlús a chur le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, lena n-áirítear sprioc 2 agus 3 agus Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 maidir le 30 % ar a laghad dár n-aigéan a chosaint go héifeachtach, lena n-áirítear sprioc Bhallstáit an Aontais go mbeadh aon trian ar a laghad de limistéir faoi chosaint – arb ionann iad agus 10 % de limistéar farraige na mBallstát – faoi dhianchosaint faoi 2030, spriocanna SFI 14 ar fad agus spriocanna idirnasctha eile a bhaineann leis na haigéin i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe chomh maith le cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach an Chomhaontaithe faoi UNCLOS maidir le Caomhnú agus Úsáid Inbhuanaithe na Bithéagsúlachta Muirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta (Comhaontú BBNJ), ar fud an domhain agus ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit; CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil ról ríthábhachtach ag líonra comhleanúnach de Limistéir Mhuirí faoi Chosaint (LMFCanna) atá ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíochta de, dea-nasctha agus á mbainistiú go héifeachtach, chomh maith le hUirlisí Bainistíochta Limistéar-bhunaithe eile agus Bearta Caomhnaithe Éifeachtacha eile Limistéar-bhunaithe, maidir leis an mbithéagsúlacht, éiceachórais agus gréasáin bhia a chosaint agus a athbhunú, maidir le tacú le pobail chósta agus iascairí trí chabhrú leis an mbeatha mhuirí a atógáil agus a chaomhnú, i gcomhréir le hionstraimí ábhartha an Aontais;

7. AITHNÍONN SÍ gurb iad gníomhaíochtaí an duine agus iarmhairtí na ngíomhaíochtaí sin, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, is cúis le meath na bithéagsúlachta muirí; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil nasc láidir idir rialachas na n-aigéan agus cuspóirí CBI; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú ar Rialachán CBI, agus a thionchair chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha á gcur san áireamh; LEAGANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá sé meath na bithéagsúlachta muirí a aisiompú agus dea-stádas comhshaoil na muirthimpeallachta a bhaint amach d'uiscí muirí na mBallstát ar fad trí chur chuige atá bunaithe ar an eolaíocht, ar éiceachórais agus ar thionchar carnach; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí d'fhonn na cuspóirí inti a shoiléiriú, lena n-áirítear comhtháthú feabhsaithe an athraithe aeráide; Agus TATHANTAÍONN SÍ go dtabharfar aird ar leith ar dhlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo a cuspóirí comhshaoil a bhaint amach ina n-iomláine agus chun a áirithiú go ndéanfar simpliú ar chur chun feidhme agus ar laghdú na n-ualaí riaracháin – go háirithe maidir le tuairisciú agus bainistiú sonraí – gan cuspóir na Treorach agus cosaint agus athbhunú an chomhshaoil mhuirí agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní muirí a chur i mbaol; agus AITHNÍONN SÍ an gá atá le comhtháthú a dhéanamh idir an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus creataí comhshaoil, talmhaíochta agus iascaigh de chuid an Aontais; agus TATHANTAÍONN freisin go mbeidh comhleanúnachas feabhsaithe ann idir an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí, agus cur chuige bunaithe ar éiceachórais á chur i bhfeidhm;

PUBLIC

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart creat um rialachas na n-aigéan a bheith bunaithe ar na príomhphrionsabail seo a leanas: prionsabal an réamhchúraim; cur chuige foinse-go-muir lena dtugtar aghaidh ar thruailliú ag gach céim de thimthriall an uisce, ó fhoinsí intíre go dtí an t-aigéan fairsing; cur chuige eolaíocht-bhunaithe maidir le ceapadh beartas lena gcomhtháthaítear an t-eolas agus na sonraí faireacháin is fearr atá ar fáil; cur chuige éiceachóras-bhunaithe lena n-aithnítear éiceachórais shláintiúla mhuirí mar réamhriachtanas agus mar bhonn d'úsáid inbhuanaithe na farraige agus na hidirthuilleamaíochtaí casta laistigh de mhuirthimpeallachtaí agus lena dtugtar tús áite do bhainistíocht iomlánaíoch chomhtháite; agus don phrionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir';

## III. BORRADH A CHUR FAOIN NGEILLEAGAR GORM INBHUANAITHE LE GO MBEIDH IOMAÍOCHAIS NÍOS FEARR ANN

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart don Chomhshocrú um an Aigéan geilleagar gorm inbhuanaithe a spreagadh agus a chothú agus béim á leagan ar dhigiteáil agus ar nuálaíocht athghiniúnach i gcomhréir le cuspóirí an Aontais maidir le haeráidneodracht agus athbhunú an dúlra trí dhícharbónú agus trí thaighde, nuálaíocht agus infheistíocht a uas-scálú;

PUBLIC

10. MEABHRAÍONN SÍ DI a thábhachtaí atá tionscal muirí, longthógáil, muir-iompar agus bealaí muirí na hEorpa, d'iomaíochas, d'uathriail straitéiseach agus do shlándáil an Aontais i ndomhan atá níos iomaíche, agus AITHNÍONN SÍ saineolas sholáthraithe loingseoireachta, longchlós agus teicneolaíochta na hEorpa; IARRANN SÍ go mbeadh straitéis mhuirí thionsclaíoch chuimsitheach ann chun iomaíochas thionscail mhuirí na hEorpa a fheabhsú, lena ndíreofar ar dhícharbónú, digiteáil, nuálaíocht, speisialtóireacht chliste, infheistíocht i dtaighde, poist chuibhiúla, forbairt scileanna, rochtain fheabhsaithe ar chaipiteal riosca do ghnólachtaí nuathionscanta agus FBManna muirí Eorpacha, agus ar chomhpháirtíochtaí le bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú chuig cleachtais inbhuanaithe agus iomaíochas níos fearr; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé tarraingteacht na ngairmeacha san earnáil mara agus muirí a fheabhsú gan dochar do rialacha idirnáisiúnta de réir mar is infheidhme;agus LEANANN SÍ do bheith tiomanta do bhearta domhanda don loingseoireacht a chur chun cinn san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair chun cothrom iomaíochta domhanda a áirithiú;

11. AITHNÍONN SÍ ról straitéiseach na gcalafort Eorpach sa trádáil dhomhanda agus sa tsoghluaisteacht mhíleata; LEAGANN SÍ BÉIM ar a n-acmhainneacht mar ionaid don dícharbónú, don chiorclaíocht agus don nuálaíocht; IARRANN SÍ go mbeadh straitéis Eorpach um chalafoirt ann chun calafoirt a thiontú ina moil inbhuanaitheachta eacnamaíche, sóisialta agus comhshaoil, chun bonneagar a chur chun cinn chun críoch sibhialta agus míleata, agus chun braislí fuinnimh agus tionsclaíocha a neartú lena dtacaítear leis an aistriú glas agus lena bhfeabhsaítear an t-iomaíochas foriomlán;

PUBLIC

12. AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag an iascach agus ag an dobharshaothrú maidir le soláthar agus slándáil bia an Aontais agus maidir le slí bheatha na bpobal lena mbaineann; LEAGAN SÍ BÉIM ar an ngá atá le feabhas a chur ar iomaíochas agus athléimneacht tháirgeoirí iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa, lena n-áirítear tacú le nuachóiriú agus dícharbónú an chabhlaigh iascaireachta, ar cheart é a bheith fite fuaite le claochlú i dtreo iascach agus dobharshaothrú níos inbhuanaithe agus creat dlíthiúil níos simplí;

## IV. POBAIL CHÓSTA AGUS OILEÁIN A CHOSAINT AGUS A CHUMHACHTÚ

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil pobail chósta athléimneacha agus aigéan sláintiúil nasctha go dlúth le chéile; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil inmharthanacht shoch-chultúrtha agus eacnamaíoch na bpobal cósta agus oileánach agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí muirí ag brath ar aigéin agus ar fharraigí atá sláintiúil agus dea-fheidhmiúil, agus ar bhainistiú inbhuanaithe ghníomhaíochtaí an duine chomh maith le tacaíocht don oiriúnú do thionchar an athraithe aeráide, mar atá ardú ar leibhéal na mara, creimeadh cósta agus teagmhais adhaimsire mhéadaithe; LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá leis an mbrú ar ár n-aigéan agus ar ár bhfarraigí a chosc nó a íoslaghdú, lena n-áirítear an t-athrú aeráide agus gach cineál truaillithe, agus go dtacófar le hearnálacha eacnamaíocha éagsúlaithe ag brath ar an ngeilleagar gorm inbhuanaithe, ar cheart dóibh a bheith mar phríomhthosaíochtaí an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan; DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI, ina leith sin, tacaíocht mhéadaithe d'iarrachtaí oiriúnaithe na bpobal cósta agus oileánach mar chuid den Teachtaireacht maidir le hOileáin agus Pobail Chósta a d'fhógair an Coimisiún; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an comhordú idir an leibhéal réigiúnach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil a fheabhsú agus a áireamh i bpróisis chinnteoireachta, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé cur chuige bunaithe ar éiceachórais a chur i bhfeidhm; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil páirt ríthábhachtach ag an iascach agus ag an dobharshaothrú inbhuanaithe, chomh maith leis an muiriompar sa soláthar bia domhanda, agus go bhfuil ról tábhachtach acu sin, in éineacht leis an turasóireacht agus leis an bhfuinneamh amach ón gcósta, i measc earnálacha eile, i ngeilleagar na bpobal cósta;

PUBLIC

14. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá an straitéis Eorpach maidir le turasóireacht inbhuanaithe atá ar na bacáin lenar cheart tacú le cinn scríbe chósta agus oileánacha chun feabhas a chur ar a gcreataí comhordaithe, rialachais chomhroinnte agus faireacháin chomh maith lena gcumas dul in oiriúint do dhúshláin nua lena n-áirithítear go mbeidh forbairt na turasóireachta ag teacht le spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil níos leithne;

15. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé aird ar leith agus tacaíocht iomchuí a áirithiú do na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus do thíortha agus críocha gaolmhara thar lear, a bhfuil fíorthábhacht straitéiseach agus eacnamaíoch ag baint leo don Aontas, chun a n-oileánachas a shárú agus chun freastal ar a riachtanais shóisialta, eacnamaíocha, éiceolaíocha, fuinnimh agus bhia;

## V. AN RÓL RÍTHÁBHACHTACH ATÁ AG TAIGHDE, EOLAS, LITEARTHACHT AGUS SCILEANNA A BHAINEANN LEIS NA HAIGÉIN DON NUÁLAÍOCHT GHORM

16. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Tionscnamh um Fhaire na nAigéan; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil eolas láidir faoi na haigéin, sonraí caighdeánaithe muirí, agus bailiú agus faireachán feabhsaithe sonraí bunriachtanach do rialachas éifeachtach na n-aigéan, do shábháilteacht na loingseoireachta, d’oiriúnú don athrú aeráide agus d’úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí; IARRANN SÍ go mbeadh creataí neartaithe bainistithe sonraí ann, go mbeadh comhar trasearnála agus trasteorann feabhsaithe sa taighde a dhéantar ar na haigéin, lena n-áirítear maidir le brúnna ar na haigéin agus faireachán a dhéanamh orthu sin, comhroinnt eolais agus oiliúint, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú do lucht saothair a bhaineann leis an bhfarraige; agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé gníomhú bunaithe ar eolas faoi na haigéin, leas a bhaint as na huirlisí atá ann cheana maidir le rialachas shonraí na n-aigéan, lena n-áirítear ar leibhéal na gCoinbhinsiún Réigiúnacha Farraige, agus an nasc idir an eolaíocht agus an beartas a neartú, lena n-áirítear trí *European Digital Twin of the Ocean* a fhorbairt;



PUBLIC

17. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé tacú le taighde, nuálaíocht agus sonraí oscailte chun tuiscint níos fearr a fháil ar an aigéan agus ar na farraigí, ar a staid, ar a ndinimic agus ar a n-éiceachórais, agus iad a chosaint agus a athbhunú ar bhealach níos fearr, agus ar an gcaoi sin a bheith in ann gníomhú go claochlaitheach agus tabhairt faoin nuálaíocht ghorm; LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé tuiscint ar na haigéin a neartú chomh maith le rannpháirtíocht na saoránach agus na hóige i gceapadh beartas a neartú;

PUBLIC

## VI. AN TSLÁNDÁIL MHUIRÍ AGUS AN CHOSAINT MHUIRÍ MAR CHEANGLAS BUNÚSACH

18. MEABHRAÍTEAR DI Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh mar an creat ginearálta cumasúcháin trína ndéanann an tAontas agus a Bhallstáit gníomhaíocht chun a leasanna ar muir a chosaint, agus chun a saoránaigh, a luachanna agus a ngeilleagar a chosaint ar leibhéal an Aontais nó trí bheartais náisiúnta, agus rialacha idirnáisiúnta agus comhlíonadh iomlán an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, á gcur chun cinn ag an am céanna;

19. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ag neartú a róil mar sholáthraí slándála muirí domhanda i gcomhréir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) agus le hionstraimí eile lena rannchuidítear le sábháilteacht agus slándáil long agus maraithe agus lena gcoinnítear slabhraí soláthair domhanda i réigiúin mar atá an Mhuir Rua, Murascaill na Guine, Corn na hAfraice agus an Mhuir Dhubh;

20. LEAGANN SÍ BÉIM AR na rioscaí don Aontas agus dá Bhallstáit, agus dóibh siúd atá ag brath ar fharraigí agus ar aigéin an domhain, a bhaineann le soithí faoi bhun caighdeáin agus leis an 'scáthchabhlach', lena n-áirítear bagairtí ar an muirthimpeallacht, ar shábháilteacht agus ar shlándáil mhuirí, ar bhonneagar criticiúil agus ar an dlí idirnáisiúnta muirí agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta mhuirí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbaineann an scáthchabhlach an bonn de rialáil idirnáisiúnta sheanbhunaithe na loingseoireachta a tugadh isteach chun an t-iompar ar muir agus ar uiscebhealaí ar fud an domhain a chaomhnú, lena n-áirítear san Artach, san Aigéan Atlantach agus sa Mhuir Dhubh, sa Mhuir Thuaidh, i Muir Bhailt agus sa Mheánmhuir; IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí freagairtí spriocdhírithe agus comhordaithe a éascú ar na bagairtí a bhaineann leis an scáthchabhlach, laistigh de raon feidhme a bhfreagrachtaí faoi seach;

21. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé go leanfadh an tAontas dá oibríochtaí cabhlaigh faoi CBSC a neartú lena ndírítear ar fheasacht staide muirí, lena n-áirítear trí na córais comhroinnte faisnéise a d'fhorbair an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí; LEAGANN SÍ BÉIM, thairis sin, ar an ngéarghá atá le feabhas a chur ar athléimneacht bhonneagar muirí criticiúil an Aontais agus a Bhallstát, ar an dromchla agus faoi uisce araon, lena n-áirítear cáblaí agus píblínte fomhuirí, chomh maith le hiarrachtaí a mhéadú chun dul i ngleic le saincheisteanna cibearshlándála agus bagairtí hibrideacha eile sa réimse muirí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta i ndáil leis sin; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ordanás neamhphléasctha (UXO), lena n-áirítear muinisin cheimiceacha, ina riosca d'éiceachórais agus do bhonneagar muirí agus MOLANN SÍ an comhar idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin sin; DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI plean an Choimisiúin chun straitéis chomhordaithe bainte UXO a fhorbairt;

PUBLIC

22. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an bPlean Gníomhaíochta i ndáil le Slándáil Cháblaí agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit bearta práinneacha agus éifeachtacha a dhéanamh, agus comhoibriú le chéile, leis an gCoimisiún, leis an Ardionadaí agus le gníomhaithe ábhartha eile, ar nós ECAT, agus lánurraim á tabhairt do threoirphrionsabail chomhaontaithe na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta chomh maith le neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais agus ECAT, agus gan dochar do chineál sonrach bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh; LEAGANN SÍ BÉIM AR ról na n-údarás náisiúnta ábhartha a bhfuil sé de chúram orthu feidhmeanna garda cósta a chomhlíonadh agus cúraimí ábhartha eile atá ríthábhachtach chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí; LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise trasearnála sa réimse muirí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta;

## VII. RIALACHAS IDIRNÁISIÚNTA NA N-AIGÉAN AGUS TAIDHLEOIREACHT THREISITHE MAIDIR LEIS NA HAIGÉIN

23. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, mar a chuirtear in iúl i Rún A/RES/79/144 ó na Náisiúin Aontaithe an 12 Nollaig 2024, go leagtar amach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an creat dlíthiúil faoina gcuirtear na gníomhaíochtaí uile ar an aigéan agus ar na farraigí i gcrích; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil rannpháirtíocht idirnáisiúnta trí iltaobhachas láidir riailbhunaithe ríthábhachtach chun torthaí fóinteacha a bhaint amach maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a fheabhsú;

PUBLIC

24. MEABHRAÍTEAR DI Rún A/RES/61/295 ó na Náisiúin Aontaithe an 13 Meán Fómhair 2007 lena nglactar an Dearbhú maidir le Cearta na bPobal Dúchasach; ADMHAÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag Pobail Dhúchasacha mar shealbhóirí eolais dhúchasaigh ar éiceachórais mhuirí; Tá sí tiomanta I gCÓNAÍ agus gníomhaíochtaí á ndéanamh chun na héiceachórais mhuirí sin a chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe a bhaint astu, tacú le rannpháirtíocht agus comhar le Pobail Dhúchasacha agus pobail áitiúla chomh maith le rannpháirtíocht na bpobal sin a chur chun cinn;

25. Tá sí tiomanta I gCÓNAÍ do rannpháirtíocht idirnáisiúnta sna hiarrachtaí domhanda chun na haigéin agus na farraigí a chosaint, idirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh chomh maith le Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha agus a bPleananna Gníomhaíochta agus a Straitéisí agus Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII) chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda mar atá truailliú muirí, ídiú stoc éisc agus cailliúint na bithéagsúlachta muirí, lena n-áirítear rialuithe agus iniúchtaí éifeachtúla, dea-chleachtais a chomhroinnt, caighdeáin a chomhchuibhiú, bainistiú cothrom ar stoic éisc a áirithiú, agus sineirgí a chur chun cinn chun SDG 14 agus spriocanna Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le caomhnú na n-aigéan a bhaint amach; AITHNÍONN SÍ an mhuirthimpeallacht Artach atá uathúil leochaileach agus tá sí tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt don Chomhairle Artach ina cuid oibre maidir leis an muirthimpeallacht a chosaint;

PUBLIC

26. ATHDHEARBHAÍONN SÍ seasamh neamhfhulaingthe an Aontais maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN); TACAÍONN SÍ, ina leith sin, le hidirphlé NNN le tíortha nach de chuid an Aontais iad agus le córas cártála an Aontais; IARRANN SÍ go neartófaí an comhar idirnáisiúnta agus iltaobhach agus go n-áiritheofaí trédhearcacht i struchtúir úinéireachta soithí iascaireachta; IARRANN SÍ go mbeadh cur chuige straitéiseach agus uaillmhianach nua ann i leith ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhéid a bhaineann le rialachas domhanda iascaigh agus bainistiú inbhuanaithe na n-aigéan agus a acmhainní muirí, lena n-áirítear le glúin nua CCII;

27. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go dtiocfaidh Comhaontú BBNJ i bhfeidhm go luath; agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thiomanta atá sí daingniú breise agus cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Chomhaontú BBNJ a spreagadh agus tacú leis;

28. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI rath agus torthaí an Tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, chomh maith le Rún A/RES/79/314 ó na Náisiúin Aontaithe an 30 Meitheamh 2025 lena bhformhuinítear an Dearbhú 'Our ocean, our future: united for urgent action' a ghlac an Chomhdháil, ina n-iarrtar gníomhaíocht uaillmhianach chun an t-aigéan agus a éiceachórais a chosaint, a chaomhnú, a úsáid go hinbhuanaithe agus a athbhunú; IARRANN SÍ go ndéanfar é a chur chun feidhme go hiomlán agus LEAGANN SÍ BÉIM AR liosta na ngealltanas deonach a thíolaic an tAontas agus a Bhallstáit, i ndáil leis sin; TACAÍONN SÍ le 'Glao meabhrúcháin Nice ar chonradh uaillmhianach maidir le plaistigh' a seoladh ag an Tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin agus IARRANN SÍ go leanfaí den chaibidlíocht agus den fhor-rochtain chun comhaontú idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt agus a ghlacadh chun deireadh a chur le truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, trí chur chuige saolré iomláine;

PUBLIC

29. TACAÍONN SÍ leis an obair thábhachtach atá déanta ag Ballstáit an Aontais faoi chuimsiú an Údaráis Idirnáisiúnta um Ghrinneall na Farraige (ISA) chun córas rialála fónta a bhunú maidir le mianadóireacht dhomhainfharraige, a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, atá bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim chomh maith leis na caighdeáin chomhshaoil is airde agus eolas eolaíoch leordhóthanach, chun a áirithiú nach mbeadh aon éifeachtaí díobhálacha ag gníomhaíocht den sórt sin aon ar an muirthimpeallacht sa Limistéar, mar a shainítear le UNCLOS;

30. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na rúin a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan chun rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan agus modhanna agus cuspóirí thaidhleoireacht straitéiseach an Aontais maidir leis na haigéin a neartú.

PUBLIC